

# TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 12

## COMHAONTÚ MAIDIR LE hIOMPAR RANGA

Ag tús na scoilbhliana, tá sé tábhachtach comhaontú bunúsach maidir le hiompar ranga a chur le chéile ina dtabharfar cuntas ar na cearta agus ar na freagrachtaí atá ar gach duine sa rang, agus ar na rialacha agus ar na gnáthnóis oibre is cóir a chomhlíonadh. Ar ndóigh, ba chóir go léireodh aon chomhaontú den sórt seo luachanna agus aidhmeanna an pholasáí / an phlean iompair don scoil uile.

Ag brath ar aois agus ar chumas dhaltaí an ranga, moltar go mbeidh baint mhór ag na daltaí le cruthú an Comhaontaithe maidir le hIompar Ranga - ansin is leosan na rialacha agus na gnáthnóis oibre agus tuigfidh siad cén fáth a bhfuil siad riachtanach. Sa tslí seo, tá próiseas chruthú an Chomhaontaithe chomh tábhachtach leis an rud a chruthaítear - is 'seomra ranga daonlathach' i mbun gnímh é seo, áit a spreagtar glórtha na ndaltaí agus áit a n-éistear leo, ní hamháin go n-éisteann an fhoireann leo, ach éisteann a gcuid piaraí leo freisin. Caithfear am a chur ar leataobh ag tús na bliana le haghaidh Cruinniú Ranga a dhíreoidh ar an tasc seo - is fiú go mór an t-am sin de bhrí go leagfaidh sé síos íomhá den chineál timpeallachta foghlama a bheidh tú ag iarraidh a chruthú don chuid eile den bhliain.

Déan iarracht an comhaontú a scríobh chomh simplí agus chomh soiléir agus is féidir leat. B'fhéidir go gcabhródh sé leat íomhánna agus pictiúir a úsáid. Nuair is féidir, leag na rialacha amach go dearfach, agus léirigh go soiléir na príomhrudaí a tharlóidh má bhriseann daltaí na rialacha. Ba chóir go mbeadh creatlach thacaíochta mar chuid den Chomhaontú freisin chun cabhrú le daltaí atá ag streachailt lena n-iompraíocht.

Nuair a bheidh an Comhaontú curtha i gcrích, tá sé tábhachtach é a fhoilsiú (i bhfoirm leabhráin b'fhéidir) agus é a scaipeadh ar gach dalta sa rang, ar a gcuid tuismitheoirí, agus ar aon fhoireann a bheidh ag obair leis an rang. Is maith an smaoineamh é freisin go síneoidh daltaí, tuismitheoirí agus an fhoireann é - ansin is conradh é do chách.

Ar na trí leathanach ina dhiaidh seo **moltar** leagan amach de Chomhaontú **simplach** maidir le hIompar Ranga. Ná húsáid é seo mar theimpléad nó mar fhoirmle ach ceap comhaontú atá oiriúnach do do rang, don chóras creidimh atá agat agus do do chúinsí aonair féin. Ba chóir go mbeadh difríocht i bhformáid agus in ábhar an Chomhaontaithe maidir le hIompar Ranga, ó bhliain go bliain, ó rang go rang, ó mhúinteoir go múinteoir agus ó scoil go scoil. Is féidir an comhaontú a scríobh sa chéad phearsa uatha (mé) nó sa chéad pearsa iolra (muid/sinn) - cuireann an chéad phearsa uatha an fhreagracht ar gach duine aonair cloí leis an gcomhaontú, ach cuireann an chéad phearsa iolra béim ar úinéireacht chomhchoiteann an chomhaontaithe. Ar aon bhealach, caithfear a mhúineadh do dhaltaí gur leosan a gcuid iompraíochta féin agus go gcaithfidh siad a bheith freagrach aisti.



Is é an rud is tábhachtaí nuair a bheidh an Comhaontú curtha le chéile agus sínithe ná leanúint lena chur i bhfeidhm. Ní bheidh ciall ar bith leis an bpróiseas mura ndéanfar é sin. Má mheasann tú go bhfuil rud éigin sa chomhaontú nach féidir a chur i bhfeidhm nó nach n-oibreoidh, ansin is fearr Cruinniú Ranga a iarraidh chun é sin a phlé agus fadhbanna a réiteach don am atá le teacht.

ÁR gCOMHAONTÚ MAIDIR LE HIOMPAR RANGA





RANG 5

SCOIL NAOMH EOIN, BAILE ÁTHA CLIATH

Seo iad na daltaí sa rang.

Séamus Rice 	Kylie Ní Bhriain 				

Seo í an fhoireann oibre a oibríonn lenár rang gach seachtain.

Iníon Jones (Múinteoir) 	Bean Uí Chonaire (Múinteoir) 	An tUasal Hayes (Múinteoir) 	An tUasal Delaney (CRS (SNA)) 
--	---	---	--

“Aontaím go gcomhlíonfaidh mé an Comhaontú seo maidir le hIompar Ranga a chuir mé le chéile le mo chomhghleacaithe sa rang”.

**SÍNITHE AG:**

\_\_\_\_\_ (Dalta)

\_\_\_\_\_ (Iníon Jones)

\_\_\_\_\_ (Tuismitheoir/ Caomhnóir)

\_\_\_\_\_ (Bean Uí Chonaire)

\_\_\_\_\_ (Tuismitheoir / Caomhnóir)

\_\_\_\_\_ (An tUasal Hayes)

\_\_\_\_\_ (An tUasal Delaney)

**DÁTA:** \_\_\_\_\_

## ÁR GCOMHAONTÚ

Inár rang, tá sé aontaithe againn go cloíimid leis na ceithre riail bhunúsacha seo a leanas, a shocraíomar tar éis ár gcuid cearta agus freagrachtaí a phlé.

<p><b><u>RIAIL SÁBHÁILTEACHTA ÁR RANGA</u></b></p> <p>Inár rang, tá sé de <b>cheart</b> againn uile <b>bheith sábháilte</b>.</p> <p>Tá <b>freagracht</b> orainn uile <b>bheith cinnte go mbeidh gach duine eile sábháilte freisin</b>.</p>	<p><b><u>RIAIL FOGHLAMA INÁR RANG</u></b></p> <p>Inár rang, tá <b>ceart foghlama</b> againn uile.</p> <p>Tá <b>freagracht</b> orainn uile <b>deis foghlama a thabhairt do dhaoine eile</b>.</p>
<p><b><u>RIAIL CUMARSÁIDE ÁR RANGA</u></b></p> <p>Inár rang, tá sé de <b>cheart</b> againn uile <b>labhairt</b>.</p> <p>Tá <b>freagracht</b> orainn uile <b>deis a thabhairt do dhaoine eile labhairt freisin</b>.</p>	<p><b><u>RIAIL MEASA INÁR RANG</u></b></p> <p>Inár rang, tá sé de <b>cheart</b> againn <b>meas a bheith ag daoine eile orainn</b>.</p> <p>Tá <b>freagracht</b> orainn uile <b>meas a bheith againn ar dhaoine eile</b>.</p>

### GNÁTHNÓS OIBRE AN RANGA:

D'fhonn a chinntiú go gcoinneofar na rialacha sin, tá gnáthnós oibre ranga aontaithe againn.

1. Siúlfaimid isteach sa rang in am don cheacht agus beimid inár suí go ciúin go dtí go gcuirfidh an múinteoir tús leis an gceacht.
2. Éistfimid go measúil le daoine eile.
3. Ardóimid ár lámh agus fanfaimid le cead má bhímid ag iarraidh labhairt le linn don mhúinteoir a bheith ag múineadh.
4. Nuair a bheimid ag obair i ngrúpaí, úsáidfimid glórtha comhoibrithe chun labhairt lenár gcomhpháirtithe.
5. Iarrfaimid cead má bhíonn orainn ár suíochán a fhágáil.
6. Ní thabharfaimid aon tuairimí ná aon chomharthaí a d'fhéadfadh daoine a mhaslú ná easpa measa a thaispeáint do dhuine eile.
7. ...

### NA RUDAÍ A THARLÓIDH:

Nuair a roghnóimid **cloí leis an** gcomhaontú maidir le hiompar ranga, seo iad na rudaí a tharlóidh:

1. Beidh rang sásta, sábháilte, measúil againn áit a mbeidh gach duine ag foghlaim agus ina mbeidh gach duine in ann cumarsáid a dhéanamh.
2. Saothróimid creidmheasanna le haghaidh duaiseanna aonair agus le haghaidh duaiseanna don rang uile. D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith i measc na nduaiseanna:
  - a. A lán de mholadh agus de thacaíocht ó fhoireann na scoile
  - b. Sónna (torthaí, scónaí, deochanna, mílseáin, súracáin, cácaí)
  - c. Am Órga áit ar féidir linn gníomhaíocht is fearr linn a roghnú dár nAm Órga a bhíonn ar siúl ag an rang uair amháin sa tseachtain.
  - d. Am Órga aonair lasmuigh den rang seachtainiúil d'Am Órga

e. Turais lasmuigh den rang (m.sh. cuairteanna ar an mbaile mór le haghaidh lóin / siopadóireachta; turais oideachasúla; cuairteanna ar an bpictiúrlann / bpáirc / ionad siopadóireachta srl)

f. Duaiseanna eile a mholann an fhoireann agus/nó na daltaí agus a bhfuil gach duine ar aon intinn fúthu

Nuair a roghnóidh mé/roghnóimid **gan cloí** leis an gcomhaontú maidir le hiompar ranga, seo iad na rudaí a tharlóidh dom/dúinn:

1. Iarrfar orm a aithint nó meabhrófar dom cén riail nó cén gnáthnós oibre ranga atáim a bhriseadh
2. Iarrfar go measúil orm cloí leis an gcomhaontú maidir le hiompar ranga.
3. Má roghnaím gan é sin a dhéanamh, tuigim gurb iad seo na chéad chéimeanna eile:
  - Déanfar nóta de m'iompar sa Chomhad Ranga
  - Iarrfar orm oibriú liom féin gan aon duine eile in éineacht liom
  - Beidh orm fanacht siar tar éis an ranga chun labhairt leis an múinteoir agus mo chuid iompair a mhíniú
  - Caillfidh mé pribhléidí atá mé i dteideal a fháil ina measc Am Órga (5 nóiméad gach uair)
  - Tabharfar tuairisc don Phríomhoide / Leas-Phríomhoide maidir le m'iompar
  - Iarrfar orm a dhul chuig an limistéar sosa
  - Cuirfear mo thuismitheoir(i) ar an eolas maidir le m'iompar
  - Iarrfar orm freastal ar chruinniú tuismitheoirí/múinteoirí/daltaí chun m'iompar a mhíniú
  - ....

Tuigim gur féidir liom cosc a chur ar na céimeanna sin trí chloí leis an riail / ngnáthnós oibre mar a iarrtar orm.

#### **TACAÍOCHT:**

Is féidir linn ar fad tacú lena chéile sa rang seo. Tríd an gComhaontú maidir le hIompar Ranga a chomhlíonadh tugaimid tacaíocht dá chéile. Tugaimid tacaíocht dá chéile nuair a roinnimid rudaí agus nuair a chomhoibrímid le chéile, nuair a deirimid rudaí deasa, nuair a thugaimid spreagadh agus moladh dá chéile, nuair a éistimid, nuair a imrímid ról dearfach chun spiorad maith a chruthú sa rang.

Uaireanta b'fhéidir nach mbeadh fonn orainn cloí leis an gComhaontú maidir le hIompar Ranga. Nuair a tharlaíonn sé sin, caithfidh a insint do dhaoine eile cén fáth a mothaímid an bealach a mothaímid (m.sh. Tá olc orm mar gheall ar ..., Mothaím go bhfuil sé seo míchothrom mar gheall ar ..., tá tuirse orm mar gheall ar ...). Tá sé ceart go leor na mothúcháin sin a bheith agat ach caithfidh labhairt fúthu agus gan 'iompar míchuí' a dhéanamh mar gheall ar an gcaoi a mothaímid.

Tá bealaí ann le rudaí a chur i gceart nuair a rachaidh siad in aimhréidh. Ina measc:

- Éisteacht le daoine eile agus smaoineamh ar ár gcuid gníomhartha
- Rudaí a chur ina gceart (m.sh. íoc as rud éigin a ndearnamar damáiste dó / a ghoideamar, leithscéal a ghabháil leis an duine eile)
- Ár mothúcháin agus ár ngníomhartha a phlé le daoine eile (daltaí eile, baill foirne, tuismitheoirí)
- Plean a fhorbairt dom féin chun m'iompar féin a bhainistiú
- ...